Carlow Historical & Archaeological Society

BOARD OF CARLOW COUNTY MUSEUM

Iarsmalann Chontae Cheatharlocha

5th ANNUAL REPORT 2011

December 2011

Carlow County Museum

Members of the Board of Carlow County Museum

Carlow Town Council Members:
Cllr. John Cassin, Cllr. Rody Kelly & Cllr. Walter Lacey

Carlow Historical & Archaeological Society Members:
Mr. Seamus Murphy, Mr. Martin Nevin, Chairman
& Mrs Noreen Whelan

County Manager's Nominee:
Mr. Michael Brennan, Town Clerk

Secretary to the Board:
Mr. Dermot Mulligan, Museum Curator

LOCAL AUTHORITY MUSEUMS' NETWORK

Member of the Local Authority Museums' Network (L.A.M.N)

Front Cover: Picture of the new Carlow County Museum, College Street, Carlow. View includes the restored north facing leaded window and the cut Carlow limestone extension.

Museum Board:

This is the fifth Annual Report of the Board of Carlow County Museum. The Board consists of seven members, three Members of Carlow Town Council, three representatives of the Carlow Historical & Archaeological Society (CHAS) and a County Manager's nominee. The Curator of Carlow County Museum acts as Secretary to the Board.

The Chairperson is chosen from the three Members of the Town Council and the three CHAS representatives. As agreed the position of Chairperson alternates on an annual basis between the Members of the Town Council and the CHAS representatives. At the 2010 AGM Martin Nevin was elected Chairperson.

Members of the Board of Carlow County Museum viewing the new Carlow County Museum building. Back (L to R) Dermot Mulligan, Museum Curator; Martin Nevin, Chairman Board of Carlow County Museum, Michael Brennan, Town Clerk, Cllr. Walter Lacey, Cllr. Rody Kelly, Cllr. John Cassin. Front (L to R) Noreen Whelan and Seamus Murphy

New Museum Premises:

Early in 2011 the majority of the construction works were completed and it is pleasing to report that the main contractor, Bam Building Ltd, encountered very little unforeseen problems.

The most crucial time was the excavation of the foundations for the extension as its location beside a nineteenth century building could have been problematic and it was important to have good weather during this time to avoid foundations becoming water logged. The existing convent foundations proved to be substantial and there was very little rain during this period. The basement was constructed with ease and from there the block work and limestone cladding were easily erected.

Internally the Tourist Office has been reordered with the instillation of a lift, two sliding doors and a new counter positioned at the Museum end. The ground floor has a new concrete floor, a new ceiling through which many of the services travel. The ceiling also has an air handling unit which will help to heat and cool the building by circulating air through both the ground and first floors. The original fireplace along with the window lintels have been retained and the walls have been covered in hydi, a strong anti damp course material. New shutters have been fitted to the windows to prevent natural light and harmful UV rays enter the building. At the north end of the room a new partition wall has been erected. One of the window openings now functions as access to the Museum storage area while another is a public corridor to the toilets.

View of the new Museum ground floor

Upstairs all the nine leaded windows have been restored and have protective glazing installed. The original chapel floor has been retained with additions where wood was rotten at the stairwell landing and in front of the reardos where the altar once stood. Behind the original organ screen a new partition wall has bee erected and the old Tourist Office counter has been installed. The pulpit, which was boxed in during construction, has had a new steel support beam installed just under the ceiling.

The three oil paintings, Jesus, St Patrick and St. Brigid, over the altar have been cleaned. These were originally painted on canvas before being stuck to the wall with a gild surround.

Two years ago during the initial investigations it was discovered that the fifty ceiling panels in the former chapel had been fully gilded, up until this point it was only thought to have been gilded in the main around the alter. A strategic decision was taken to re-gild the entire ceiling early in January this was completed. Similarly, the reardos was conserved. The two existing floors over the Tourist Office have had a ramp, new stairs and lift shaft installed.

Bam Building Ltd engaged many locally based companies to provide supplies and services. These include companies such as Rigars Plant in Bagenalstown, Edwards Engineering, Con Tech Access and Anvil Concrete in Tullow along with Doyles Hardware, Morrissey's, Mealey Construction and Stone Systems in Carlow.

View of the former convent chapel with the reinstated gilded ceiling, restored reardos and oil paintings.

Proposed New Exhibition Displays:

The collection of Carlow County Museum represents a wide range of periods and topics including natural history specimens, stone and bronze age archaeological objects, coins, medals, stamps, religious objects, military and police artefacts and memorabilia, agricultural implements, trade, craft and industrial items, sporting memorabilia and a good collection of photographs and archival material. It is a good representative collection of the county, containing many interesting objects some of which are of national and international importance. At any one time the Museum can only display a snapshot of the county's entire history. Through the temporary exhibition galleries a topic can be expanded and explained in more depth than may be possible in the permanent galleries due to constraints of space. The exhibitions and information provided in the permanent galleries will change slowly.

The Museum commissioned Dr. Margaret Murphy, Historical Researcher, to undertake research that forms part of, but not exclusively, the basis of the Museum's new exhibitions. This included a summary history on county Carlow from earliest times covering the main historical periods. Museum staff devised the overall plan for the new exhibitions. Based on the new exhibition layout the Museum purchased thirty one museum standard display cases. These will be used throughout the new exhibition rooms and will be used along side the Museum's existing stock of display cases.

Internal view of the first floor permanent gallery with the new display cases.

The ground floor permanent gallery will house exhibits such as archaeology, geology, Carlow castle, Sugar Factory, printing, education, law & order, the forge, bar, shop, cobbler/ Boot Factory, carpenter, plumber and hairdresser.

The stairwell will feature the Presentation Convent foundation chalice along with a history and photographs of the Presentation Sisters and their legacy in Carlow town.

The first floor permanent gallery will feature exhibits on religion, rebellion, land league, sport, science, transport & power, science, River Barrow, military, arts & culture, local administration and the fire brigade.

The two floors of the temporary exhibition gallery will feature some of the archaeological finds from the Carlow By-pass. This exhibition will be mounted in conjunction with the National Roads Authority and the National Museum of Ireland. This exhibition will run until April 2013.

Each exhibition area will have wall mounted graphic panels to explain the history and context of the particular displays. These panels will be bilingual and will feature images from the Museums collection. Throughout the displays visitors will be made aware of other places of interest to visit and trails to follow thus encouraging visitors to stay longer in both the town and county.

National Museum Of Ireland And The National Roads Authority:

Prior to the construction of the M9 Carlow By-pass over sixty archaeological sites were excavated along the route. This is the largest ever excavations undertaken in the county and produced a number of significant finds and discoveries. Since 2003 Carlow County Museum has been designated by the National Museum of Ireland to collect archaeological objects on its behalf. As the only Museum in the county to be able to display such objects combined with the importance of the finds it was decided that the first temporary exhibition should be dedicated to a display of the results and objects found during the excavations. Both the National Roads Authority and the National Museum of Ireland were very positive towards the Museum mounting such an exhibition. In December staff from the National Museum of Ireland visited Carlow County Museum to inspect the Museum. This inspection was to ensure that the Museum met the criteria of a Designated Museum and that the Museum was suitable to display objects from the national collection. The National Museum of Ireland inspectors were extremely pleased with the building and its facilities.

Museum Staff:

In early November Museum staff moved into the new Museum building. Dermot Mulligan, Museum Curator was joined by John McDarby, Carlow Local Authorities staff member, who has been appointed as the Assistant Museum Curator. Martin O'Rourke was appointed as the Maintenance Superintendent for the entire building complex and he is shared with the Carlow County Library.

In November Deirdre Kearney completed her Jobbridge – National Internship Scheme while Sinead Marshall began her internship in December. Mr. Tom Roche through the TUS programme, coordinated by the Carlow County Development Partnership Ltd, joined the Museum in November.

Presentation Sisters Bi-centenary celebrations:

On Saturday January 29th the Presentation Sisters celebrated the bicentenary of their arrival into Carlow Town. Carlow Town Council hosted a civic reception for the Sisters in the Town Hall on Friday 28th. During the reception the Sisters presented Cllr. Walter Lacey, Cathaoirleach of Carlow Town Council with the Carlow Convent's 1811 silver foundation chalice. This will be displayed in the Museum as part of a display to honour the Sisters and the buildings former use as a convent and a primary and secondary school. On Saturday 29th as part of the celebrations all of the former convent building was opened for the Sisters. For many it was the first time to view the interior of the building since they vacated it in 1989. The former chapel area was the highlight for many of the Sisters. Later that evening Cllr. Walter Lacey, Cathaoirleach of Carlow Town Council unveiled a plaque on the front of the convent in honour of the Presentation Sisters.

Cllr. Walter Lacey, Cathaoirleach of Carlow Town Council unveiling the commemorative plaque to the Presentations Sisters. Cllr. Lacey is joined by Carlow based Presentation Sisters Anna Hyland, Peggy Campion and AnnMarie Farragher

Carlow Historical & Archaeological Society

BORD IARSMALANN CONTAE CHEATHARLACH

Iarsmalann Contae Cheatharlach

An 5ú TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011

Nollaig 2011

Carlow County Museum

Comhaltaí Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach

Comhaltaí Chomhairle Baile Cheatharlach

An Clr. John Cassin, An Clr. Rody Kelly agus An Clr. Walter Lacey

Comhaltaí Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach:

Seamus Murphy, Uas., Martin Nevin, Uas., Cathaoirleach agus Nóirín Uí Fhaoláin

Ainmnithe ag an mBainisteoir Contae:

Michael Brennan, Uas., Cléireach an Bhaile

Rúnaí an Bhoird:

Diarmuid Ó Maologáin, Uas., Coimeádaí Músaeim,

LOCAL AUTHORITY MUSEUMS' NETWORK

Comhalta de Líonra Mhúsaeim na nÚdarás Áitiúil (L.M.Ú.Á.)

Clúdach Tosaigh: Pictiúr den mhúsaem nua, Músaem Contae Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach. Amharc ar an bhfuinneog luaidhe a feistíodh as an nua agus a bhfuil a haghaidh ó thuaidh agus ar an méadú faoin chumhdra d'aolchloch ghearrtha Cheatharlach.

Bord an Mhúsaeim:

Is í seo an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil de chuid Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach. Seachtar comhaltaí atá ar an mBord, triúr atá ina gComhaltaí ar Chomhairle Baile Cheatharlach, triúr ionadaithe thar ceann Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach (CSSC) agus duine amháin atá ainmnithe ag an mBainisteoir Contae. Is é Coimeádaí Mhúsaem Contae Cheatharlach atá ag gníomhú mar Rúnaí ar an mBord.

Roghnaítear an Cathaoirleach as triúr Comhaltaí na Comhairle Baile agus triúr ionadaithe CSSC. Mar atá socraithe, déantar uainíocht go bliantúil ar phost an Chathaoirligh is é sin idir Chomhaltaí na Comhairle Baile agus ionadaithe CSSC. Toghadh Martin Nevin ina Chathaoirleach ag CCB na bliana 2010.

Comhaltaí Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach ag baint lán na súl as foirgneamh nua Mhúsaem Contae Cheatharlach. Ar chúl (C go D) Diarmuid Ó Maologáin, Coimeádaí Músaeim; Martin Nevin, Cathaoirleach, Bord Mhúsaem Contae Cheatharlach, Michael Brennan, Cléireach an Bhaile, An Clr. Walter Lacey, An Clr. Rody Kelly, An Clr. John Cassin. Chun tosaigh (C go D) Nóirín Uí Fhaoláin agus Seamus Murphy

Foirgneamh an Mhúsaeim Nua:

Tugadh formhór na n-oibreacha tógála chun críche go luath sa bhliain 2011 agus is breá an rud le tuairisciú gur bheag fadhb gan choinne a bhí ina ndrischosán ag an bpríomhchonraitheoir, Bam Building Ltd.

Ba é an t-am a rabhthas ag tochailt na mbunsraitheanna don mhéadú an t-am ba chinniúnaí mar d'fhéadfadh fadhbanna tarlú mar bhí an obair ar siúl in aice le foirgneamh atá ina sheasamh ón naoú céad déag agus theastaigh aimsir thirim ag an am ar fhaitíos go dtiocfadh uisce aníos go dtí na bunsraitheanna. Mar a tharlaíonn sé tá achar an-mhór sa bhunsraith atá faoin gclochar atá ann agus níor thit ach fíorbheagán báistí i rith an ama sin. Bhí sé éasca go leor an t-íoslach a thógáil agus ina dhiaidh sin leagadh na brící agus rinneadh an cumhdra aolchloiche gan aon dua.

Rinneadh athchóiriú taobh istigh san Oifig Turasóireachta agus cuireadh ardaitheoir agus dhá chomhla shleamhnáin isteach agus socraíodh cuntar nua i gceann thiar an Mhúsaeim. Leagadh urlár nua coincréite ar an mbunurlár, agus tá síleáil nua uirthi a bhfuil go leor de na seirbhísí leagtha síos uirthi. Tá aonad láimhseála aeir ar an tsíleáil freisin lena bhféadfar an foirgneamh a théamh agus a fhuarú mar cuirfidh sé an t-aer timpeall ar an mbunurlár agus ar an gcéad urlár. Coinníodh an tinteán a bhíodh ann chomh maith le lindéir na bhfuinneog agus clúdaíodh na ballaí le hydi, cúrsa d'ábhar láidir taisdhíonta. Feistíodh comhlaí nua ar na fuinneoga ionas nach dtiocfaidh solas an lae agus gathanna UV díobhálacha isteach san fhoirgneamh. Crochadh spiara nua i gceann thuaidh an tseomra. Is bealach go dtí áit stórála an Mhúsaeim atá i gceann de na háiteanna ina mbíodh fuinneoga roimhe seo agus is pasáiste poiblí go dtí na leithris atá i gceann eile díobh.

Amharc amháin ar bhunurlár nua an Mhúsaeim

Rinneadh obair athchóirithe ar gach aon cheann de na naoi bhfuinneog luaidhe thuas staighre agus clúdaíodh le gloiniú cosanta iad. Coinníodh an t-urlár a bhí sa séipéal ó thús ach cuireadh isteach cláir nua sna háiteanna ina raibh an t-adhmad lofa i log an staighre agus ina cheann agus os comhair cúl na haltóra mar ar sheas an altóir tráth. Táthar tar éis spiara nua a chrochadh ar chúl an scáthláin orgáin atá ann ón tús agus tá an seanchuntar a bhíodh san Oifig Turasóireachta curtha isteach arís. Tá bíoma nua cruach curtha isteach díreach faoin tsíleáil chun ualach na puilpide a thógáil. Bhí an phuilpid dúnta isteach fad is a bhí an tógáil ar bun.

Glanadh na trí olaphictiúr d'Íosa, Naomh Pádraig agus Naomh Bríd atá os cionn na haltóra. Ar chanbhás a rinneadh na pictiúir seo i dtús báire ach cuireadh colbha óraithe orthu ina dhiaidh sin agus greamaíodh den bhalla iad.

Nuair a bhí an chéad chuid den chigireacht á déanamh dhá bhliain ó shin fuarthas amach go raibh an caoga painéal síleála a bhíodh sa séipéal a bhíodh ann óraithe go hiomlán. Go dtí sin ceapadh gurbh iad an chuid thart timpeall na haltóra an chuid ba mhó a bhí óraithe. Glacadh cinneadh straitéiseach an tsíleáil iomlán a athórú i dtús mhí Eanáir. Tá an obair seo tugtha chun críche. Caomhnaíodh cúl na haltóra sa tslí chéanna. Cuireadh rampa, staighre nua agus seafta ardaitheora isteach ar an dá urlár atá os cionn na hOifige Turasóireachta.

D'fhostaigh Bam Building Ltd go leor comhlachtaí atá bunaithe go háitiúil chun soláthairtí agus seirbhísí a chur ar fáil. Áirítear ina measc sin - Rigars Plant sa Mhuine Bheag, Edwards Engineering, Con Tech Access agus Anvil Concrete ar An Tulach chomh maith le Doyles Hardware, Morrissey's, Mealey Construction agus Stone Systems i gCeatharlach.

Amharc ar shéipéal an chlochair mar a bhíodh agus an tsíleáil nua óraithe curtha suas, cúl na haltóra curtha ar ais agus na holaphictiúir crochta arís.

Earraí a bheartaítear a bheith sa Taispeántas Nua:

Baineann bailiúchán Mhúsaem Contae Cheatharlach le tréimhsí agus ábhair go leor mar shampla eiseamail stair an dúlra, nithe seandálaíochta ón gclochaois agus ón gcré-umhaois, monaí, boinn, stampaí, nithe reiligiúnacha, déantáin agus cuimhneacháin mhíleata agus phóilíneachta, giuirléidí talmhaíochta, earraí tráchtála, ceardaíochta agus tionsclaíocha, cuimhneacháin spóirt agus bailiúchán breá de ghrianghraif agus d'ábhar cartlainne. Is bailiúchán é a thugann léargas maith ar an gcontae. Tá go leor nithe spéisiúla ann agus is díol suntais cuid acu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Ní féidir leis an Músaem ach beagán de na nithe go léir a bhaineann le stair an Chontae a chur ar taispeáint aon tráth áirithe. Ó tharla go bhfuil gailearaithe ann chun taispeántais shealadacha a bheith iontu is féidir cur le cibé ábhar agus dul isteach níos doimhne ann ná mar is féidir a dhéanamh sna gailearaithe buana mar níl dóthain spáis iontu siúd. Ní dhéanfar na taispeántais agus an t-eolas atá sna gailearaithe buana a athrú go rómhinic.

Choimisiúnaigh an Músaem, an Dr. Margaret Murphy, Taighdeoir Staire, chun dul i mbun an taighde. Níl an t-iomlán de thaispeántais nua an Mhúsaeim bunaithe ar an taighde sin ach tá cuid díobh bunaithe air. Áiríodh leis an gcuid sin achoimre ar stair chontae Cheatharlach óna tús agus síos trí na tréimhsí móra sa stair. Is iad baill foirne an Mhúsaeim a cheap an plean foriomlán do na taispeántais nua. Ó tharla leagan amach nua a bheith ceaptha do na taispeántais cheannaigh an Músaem aon ghnáthchás taispeántais amháin is tríocha. Beidh siad seo in úsáid sna seomraí do na taispeántais nua agus taobh le taobh na gcásanna taispeántais atá i stoc reatha an Mhúsaeim.

Amharc taobh istigh ar an ngailearaí buan ar an gcéad urlár agus na cásanna taispeántais le feiceáil.

Beidh taispeántáin a bhaineann leis na hábhair seo a leanas sa ghailearaí buan ar an mbunurlár - seandálaíocht, geolaíocht, Caisleán Cheatharlach, an Mhonarcha Siúcra, clódóireacht, oideachas, riail agus reacht, ceárta, teach ósta, siopa, an gréasaí/ An Mhonarcha Bróg, an siúinéir, an pluiméir agus an gruagaire.

Beidh an chailís a bhí in úsáid tráth ar bunaíodh Clochar na Toirbhearta chomh maith le stair Shiúracha na Toirbhearta agus grianghraif díobh agus den mhéid a rinne siad i mBaile Cheatharlach le feiceáil i log an staighre.

Feicfear taispeántáin a bhaineann le creideamh, éirí amach, Conradh na Talún, spórt, eolaíocht, iompar agus cumhacht, an Bhearú, cúrsaí míleata, cúrsaí ealaíon agus cultúir, cúrsaí riaracháin áitiúil agus leis an mBriogáid Dóiteáin sa ghailearaí buan ar an gcéad urlár.

Feicfear roinnt de na fionnachtana seandálaíochta a dtángthas orthu le linn na hoibre ar Sheachbhóthar Cheatharlach ar an dá urlár den ghailearaí do na taispeántais shealadacha. Cóireofar an taispeántas seo i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann. Beidh an taispeántas seo ar siúl go hAibreán 2013.

Crochfar painéil a mbeidh grafaicí orthu ar an mballa i ngach ceann de na háiteanna taispeántais chun stair agus comhthéacs na dtaispeántas áirithe sin a mhíniú. Tabharfar an cuntas sa dá theanga agus is íomhánna atá i mbailiúchán an Mhúsaeim a bheidh le feiceáil orthu. Nuair a bheidh na cuairteoirí ag dul ó thaispeántas go taispeántas, tarraingeofar a n-aird ar áiteanna eile agus ar chosáin is díol suntais d'fhonn cur ina luí ar na cuairteoirí go mb'fhéidir gurbh fhiú dóibh níos mó ama a chaitheamh sa bhaile agus sa chontae.

Ard-Mhúsaem na hÉireann agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta:

Rinneadh breis is seasca láithreán seandálaíochta a thochailt feadh bhealach Sheachbhóthar Cheatharlach ar an M9 sular tógadh an seachbhóthar féin. Ba iad seo na tochailtí ab fhairsinge a rinneadh sa chontae riamh agus thángthas ar fhionnachtana agus ar nithe suntasacha go leor. Tá Músaem Contae Cheatharlach ainmnithe ón mbliain 2003 i leith ag Ard-Mhúsaem na hÉireann chun nithe seandálaíochta a bhailiú thar a cheann. Ó tharla gurb é an Músaem seo an t-aon cheann sa chontae a d'fhéadfadh nithe den sórt a chur ar taispeáint agus ó tharla a thábhachtaí is atá na fionnachtana cinneadh gurb iad na torthaí a tháinig as na tochailtí agus na nithe a dtángthas orthu lena linn ba cheart a chur ar taispeáint sa chéad taispeántas sealadach. Bhí an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus Ard-Mhúsaem na hÉireann araon go mór i bhfabhar taispeántas den sórt a bheith á chóiriú ag an Músaem. Thug baill foirne de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann cuairt ar Mhúsaem Contae Cheatharlach i mí na Nollag chun cigireacht a dhéanamh ar an Músaem. Ba é ba chuspóir leis an gcigireacht a chinntiú go sásódh an Músaem na critéir a ghabhann le Músaem Ainmnithe agus go mbeadh an Músaem oiriúnach chun nithe as an mbailiúchán náisiúnta a chur ar taispeáint ann. Bhí cigirí Ard-Mhúsaem na hÉireann fíorshásta leis an bhfoirgneamh agus a áiseanna.

Baill foirne an Mhúsaeim:

Bhog baill foirne an Mhúsaeim isteach san fhoirgneamh nua don Mhúsaem i dtús mhí na Samhna. Is é Diarmuid Ó Maologáin an Coimeádaí Músaeim agus tháinig Seán Mac Diarmada, ball foirne de chuid Údaráis Áitiúla Cheatharlach, atá ceaptha ina Choimeádaí Músaeim Cúnta, isteach ag obair ina theannta. Ceapadh Martin O'Rourke ina Mhaor Cothabhála ar an bhfoirgneamh go huile agus oibríonn seisean i bpostroinnt idir an Músaem agus Leabharlann Contae Cheatharlach.

Tháinig an tréimhse oibre a bhí ag Deirdre Kearney faoi Jobbridge - An Scéim Náisiúnta Intéirneachta chun críche i mí na Samhna agus chuir Sinéad Marshall tús lena hintéirneacht féin i mí na Nollag. Thosaigh Tom Roche, Uas. ag obair sa Mhúsaem i mí na Samhna. Tá sé ag obair faoin gclár TÚS, a bhfuil Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach Teo. á chomhordú.

Comóradh dhá chéad bliain Shiúracha na Toirbhearta:

Dé Sathairn, an 29ú Eanáir, chomóir Siúracha na Toirbhearta an dá chéad bliain ó shroich siad Baile Cheatharlach. Bhí fáiltiú cathartha ag Comhairle Baile Cheatharlach do na Siúracha i Halla an Bhaile ar an Aoine, an 28ú. Bhronn na Siúracha an chailís airgid ón am ar bunaíodh an Clochar sa bhliain 1811 ar an gClr. Walter Lacey, Cathaoirleach Chomhairle Baile Cheatharlach. Cuirfear ar taispeáint í sa Mhúsaem mar chuid den taispeántas in ómós na Siúracha agus mar gur chlochar, bunscoil agus meánscoil a bhí san fhoirgneamh roimhe seo. Osclaíodh an foirgneamh go léir a bhí ina chlochar tráth do na Siúracha ar an Satharn, an 29ú mar chuid den chomóradh. Bhí go leor díobh nach bhfaca an taobh istigh den fhoirgneamh ó d'fhág siad é sa bhliain 1989. Ba é an áit ina mbíodh an séipéal uair amháin an áit ba mhó a thaitin le go leor díobh a fheiceáil arís. Níos déanaí an tráthnóna sin nocht an Clr. Walter Lacey, Cathaoirleach Chomhairle Baile Cheatharlach plaic chun tosaigh ar an gclochar in ómós Shiúracha na Toirbhearta.

An Clr. Walter Lacey, Cathaoirleach Chomhairle Baile Cheatharlach ag nochtadh na plaice in ómós Shiúracha na Toirbhearta. Bhí an Comh. Lacey agus na Siúracha Anna Hyland, Peggy Campion agus AnnMarie Farragher, Siúracha na Toirbhearta, Ceatharlach.